An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Comórtais oscailte chun Oifigigh Oideachais a cheapadh

## Stair (Bunscoil)

## Leabhrán Faisnéise

Spriocdháta: 06.03.2026

## An Clár Ábhar


OIFIGIGH OIDEACHAIS LEIS AN GCOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA ........ 3

1. Na Ceapacháin ........ 3
2. Riachtanais ........ 4
3. Freagrachtaí ginearálta ........ 5
4. Luach Saothair ........ 6
5. Saoire Bhliantúil ........ 6
6. Suíomh ........ 7
7. Comhdheiseanna ........ 7
8. Leagan Amach an Chomórtais ........ 7
9. An fhoirm iarratais a chomhlánú ........ 7
10. Spriocdháta ........ 8
11. Incháilitheacht ........ 8
12. Rúndacht agus Cosaint Sonraí ........ 8
13. Freastal ar agallamh ........ 9
14. Cásanna ina measfar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar ........ 9
15. Ceisteanna ........ 9

# Oifigigh Oideachais leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

## 1. Na Ceapacháin

Is í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta an comhlacht reachtúil a chuireann comhairle ar an Aire Oideachais agus Óige faoi churaclam agus faoi mheasúnú don oideachas luath-óige, agus do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Gheofar sonraí eile mar gheall ar CNCM agus a cuid oibre ag www.ncca.ie.
Is mian leis an gComhairle Oifigeach Oideachais a cheapadh chun tacú lena cuid oibre i gCuraclam na Bunscoile sa réimse a leanas:

- Stair (Bunscoil)

Beifear ag súil chomh maith go mbeidh cur amach ag an té a cheapfar ar na príomhcheisteanna sna hearnálacha uile den chóras oideachais a bhaineann le sainchúraimí CNCM.
Is post lánaimseartha ar bhonn conartha/ar bhonn iasachta go dtí an **31 Lúnasa 2028** a bheidh sa phost.
Cabhraíonn na hOifigigh Oideachais leis an bhfeidhmeannas chun cúram na Comhairle a chomhlíonadh mar a shainítear é san Acht Oideachais, 1998, i dtaca le gnéithe áirithe dá cuid oibre. Tuairiscíonn Oifigigh Oideachais don Phríomhfheidhmeannach nó dá (h)ainmní. In oibríochtaí ó lá go lá tuairiscíonn siad do Leas-Phríomhfheidhmeannach nó do Stiúrthóir Curaclaim agus Measúnachta.
I dteannta a bheith ag obair le hOifigigh Oideachais ar thionscadail churaclaim agus mheasúnaithe eile, oibreoidh siad leis an bhfoireann seirbhísí corparáideacha agus le taighdeoirí, comhairleoirí agus saineolaithe de réir mar is gá chomh maith. Freagróidh siad freisin fiosruithe agus iarratais ón earnáil oideachais trí chéile, agus ón bpobal agus ó na meáin de réir mar a thagann siad chun cinn ar mheáin shóisialta agus trí shlite níos traidisiúnta. Bíonn bunús na nOifigeach Oideachais ag plé freisin le líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann lena réimse/réimsí oibre féin.
D'fhéadfaí a áireamh, i ngnáthsheachtain Oifigeach Oideachais, cruinnithe le meithleacha forbartha nó boird, cruinnithe le comhghleacaithe, taighde a dhéanamh ar pháipéir agus iad a dhréachtú, obair a dhéanamh ar dhéantáin ilmheán d'fhoilsiú ar líne, cur i láthair a dhéanamh ag comhdhálacha, obair a dhéanamh le grúpaí múinteoirí nó scoileanna – bíonn an obair an-éagsúil agus éilíonn sí solúbthacht agus tionscnaíocht chomh maith le cruthaitheacht, teacht aniar agus samhlaíocht.

Bhain obair CNCM maidir le hathbhreithniú agus athfhorbairt Churaclam na Bunscoile amach garspriocanna suntasacha le foilsiú Chreatchuraclam na Bunscoile i mí an Mhárta 2023 agus sonraíochtaí curaclaim do gach ceann de na cúig réimse curaclaim i Meán Fómhair 2025. An creat:

- tógann sé ar rath agus láidreachtaí na gcuraclam roimhe seo agus ag an am céanna aithníonn sé dúshláin, riachtanais agus tosaíochtaí síorathraitheacha agus freagraíonn sé dóibh
- cuireann sé neamhspleáchas agus solúbthacht ar fáil i scoileanna
- déanann sé naisc leis an méid a fhoghlaimíonn páistí agus leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad sa réamhscoil, i mbunscoileanna, i scoileanna speisialta agus in iar-bhunscoileanna

- sainaithníonn agus freagraíonn sé do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn maidir le foghlaim páistí
- athraíonn sé conas a dhéantar an curaclam a struchtúrú agus a chur i láthair
- tacaíonn sé le cuir chuige agus straitéisí oideolaíochta éagsúla le measúnú lárnach don fhoghlaim agus don teagasc.

Foghlaim tuilleadh trí chuairt a thabhairt ar: https://ncca.ie/en/primary/primary-developments/primary-curriculum-review-and-redevelopment/

**Oifigeach Oideachais don Stair (Bunscoil)**
Leagtar amach sa tSonraíocht Oideachais Shóisialta agus Imshaoil ábhar foghlama don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (Stair agus Tíreolaíocht chomhtháite) i gCéimeanna 1 agus 2 (na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó) agus go mbogfaí go dtí Stair agus Tíreolaíocht mar ábhair níos leithlí i gCéimeanna 3 agus 4 (Rang a Trí go dtí Rang a Sé).

Beidh an tOifigeach Oideachais a cheapfar don Stair (Bunscoil) freagrach as na príomhréimsí oibre seo a leanas agus ag obair iontu:

- bheith ag cur le cur i bhfeidhm na sonraíochta do réimse curaclaim an Oideachais Shóisialta agus Imshaoil i gCéimeanna 1 agus 2 (na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Dó) agus d'ábhair na Staire, mar a gcuimseofar san ábhar foghlama a bhaineann le Reiligiúin, Creidimh agus Cruinneshamhlacha i gCéimeanna 3 agus 4 (Rang a Trí go dtí Rang a Sé)
- bheith ag comhoibriú le comhghleacaithe, saineolaithe agus gairmithe eile a bhfuil ardinniúlacht acu sa Stair agus foghlaim a bhaineann le Reiligiúin, Creidimh agus Cruinneshamhlacha (RCC)
- rannpháirtíocht le taighde agus litríocht ábhartha chun bonn eolais a chur faoi fhorbairtí
- tacú le leanúnachas idir na forbairtí in oideachas na luath-óige agus sna curaclaim iar-bhunscoile
- bheith ag obair i gcomhar le múinteoirí, ceannairí scoile, páistí agus tuismitheoirí chun samplaí d'fhoghlaim páistí sa réimse Oideachais Shóisialta agus Imshaoil a mbeadh dearbhú cáilíochta déanta orthu a bhailiú agus a fhorbairt
- ábhair tacaíochta a fhorbairt chun cuidiú le scoileanna ina gcuid oibre
- ábhar a fhoilsiú, agus ábhair ar leathanaigh ghréasáin agus ar shuíomhanna gréasáin CNCM a chothabháil agus a nuashonrú
- bheith ag cur ar bhonn níos leithne le hobair CNCM i réimse an oideachais Staire
- ag cur le forbairt tacaíochtaí, treorach agus uirlisí níos leithne do Churaclam athfhorbartha na Bunscoile
- cur le réimsí oibre níos leithne, de réir mar is gá, a bhaineann le forbairtí sna luathbhlianta, sa bhunscoil, sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach (iar-bhunscoil).

Mar chuid den phróiseas earcaíochta, tá sé i gceist ag an gComhairle painéal d'Oifigigh Oideachais a bhunú chun tacú le Curaclam athfhorbartha na Bunscoile. Beidh feidhm ag an bpainéal sin go dtí Lúnasa 2028.

## 2. Riachtanais

Ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas ag iarratasóirí (ar an dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe):

- céim aitheanta nó cáilíocht choibhéiseach ghairmiúil nó mhúinteoireachta
- taithí, mar cheannaire nó mar rannpháirtí, ar fhorbairtí curaclaim agus/nó measúnaithe sa réimse curaclaim bainteach i suíomh oideachais
- eolas ar mhachnamh agus taighde reatha sa réimse curaclaim bainteach
- eolas cuimsitheach ar chóras oideachais na hÉireann, agus ar shaincheisteanna reatha curaclaim agus measúnaithe in earnáil na bunscolaíochta
- sárscileanna cumarsáide agus cur i láthair agus an cumas chun ábhar scríofa ar ardchaighdeán a sholáthar
- sárscileanna idirphearsanta, agus cumas dea-fhorbartha comhoibriú mar chuid d'fhoireann
- sárscileanna eagrúcháin
- scileanna taighde ar a n-áirítear bailiú agus taifeadadh sonraí, anailísiú, achoimriú agus scríobh tuarascálacha
- scileanna maithe sna meáin dhigiteacha.

**Inmhianaithe**

- cáilíocht iarchéime sa sainréimse nó i réimse atá gaolmhar léi
- an cumas chun obair a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.
- rochtain ar líonraí gairmiúla a bhaineann leis an Stair / Oideachas Sóisialta agus Imshaoil
- scileanna agus taithí ar bheith ag obair le suíomhanna gréasáin agus le meáin dhigiteacha
- scileanna bainistíochta tionscadail.

## 3. Freagrachtaí ginearálta

Déanfaidh an tOifigeach Oideachais na nithe seo a leanas:

- cabhrú le feidhmeannas na Comhairle a cúram i ndáil le curaclam agus measúnú a chomhlíonadh, ag obair ar fud fhoirne CNCM agus laistigh díobh
- tacú le hobair Bhoird agus Mheithleacha CNCM dá bhféadfaí í/é a shannadh
- páipéir oibre, plédhoiciméid agus dréacht-tuarascálacha a ullmhú mar aon le cáipéisíocht eile dá leithéid maidir le ceisteanna curaclaim agus measúnaithe
- plé le taighdeoirí agus lena gcuid oibre
- líonraí CNCM sna scoileanna a fhorbairt agus tacú leo agus oibriú go héifeachtach le múinteoirí, le ceannairí scoile, agus le hoideachasóirí luathbhlianta
- cuidiú chun faisnéis a scaipeadh mar gheall ar churaclam agus ar mheasúnú ag gach leibhéal den chóras oideachais
- freastal ar chruinnithe agus/nó labhairt ag cruinnithe na Comhairle ar iarratas an Phríomhfheidhmeannaigh nó a (h)ainmní nó bualadh le grúpaí agus le daoine eile thar ceann na Comhairle
- oibriú go héifeachtach le daoine eile mar bhall foirne agus mar cheannaire foirne, de réir mar a iarann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó a (h)ainmní sin.
- na tascanna riaracháin a bhfuil baint dhíreach acu leis an obair a chomhlíonadh
- obair ghaolmhar eile a dhéanamh ar iarratas an Phríomhfheidhmeannaigh nó a (h)ainmní.

## 4. Luach Saothair

### Seo a leanas scálaí tuarastail an Oifigigh Oideachais:

**Ranníocaíocht Pinsin Neamhphearsanta**
Beidh feidhm ag an ráta seo i gcás nach gceanglaíonn an dlí ar an té a cheapfar Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta a dhéanamh.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| €62,598.00 | €66,581.00 | €69,410.00 | €72,367.00 | €75,309.00 | €78,222.00 | €81,891.00 |
| €86,195.00 | €91,294.00 | €96,463.00 | €100,663.00<br>NMAX | €103,917.00<br>LSI1 | €107,164.00<br>LSI2 | |

**RPP**

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| €65,783.00 | €69,971.00 | €72,952.00 | €76,055.00 | €79,152.00 | €82,216.00 | €84,795.00 |
| €90,736.00 | €96,098.00 | €101,544.00 | €105,966.00<br>NMAX | €109,379.00<br>LSI1 | €112,803.00<br>LSI2 | |

Beidh feidhm ag an ráta seo i gcás gur státseirbhíseach nó fostaí san earnáil phoiblí é/í an ceapaí, a earcaíodh an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh sin.

* Ag deireadh trí bliana de sheirbhís shásúil ag an uaschéim,
** Ag deireadh sé bliana de sheirbhís shásúil ag an uaschéim.

I ndáil le hiontrálacha nua chuig an tseirbhís phoiblí, ceanglaíonn beartas an Rialtais orainn gach post a líonadh ag an gcéad phointe den scála. Ach duine ar bith a cheapfar ar iasacht ón earnáil oideachais agus a bhfuil tuarastal níos airde aige/aici ná an chéad phointe de scála na nOifigeach Oideachais d'fhéadfaí é/í a chur ag pointe iomchuí ar an scála cuí. Tabhair faoi deara go bhfuil liúntais agus a gcur chun feidhme faoi réir athbhreithniú leanúnach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus go bhféadfaí iad a athrú. Lena chois sin, d'fhéadfaí an ráta luach saothair a athrú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais agus tá an tuarastal faoi réir gach asbhaint reachtúil, lena n-áirítear Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean.

## 5. Saoire Bhliantúil

Seacht lá oibre agus fiche (27) a bheidh sa liúntas saoire bliantúla, pro rata d'fhad an chonartha. Liúntas é sin a bheidh faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le deonú saoire bliantúla agus atá bunaithe ar sheachtain oibre cúig lá. Ní áireofar air na gnáthlaethanta saoire poiblí.

## 6. Suíomh

Tá CNCM lonnaithe faoi láthair i Halla Mhargadh na Feirme, Baile Átha Cliath 7 agus Port Laoise, Co. Laoise. Coirceog CNCM do bhaill foirne atá lonnaithe in áiteanna eile.

## 7. Comhdheiseanna

Fostóir comhdheiseanna is ea an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

## 8. Leagan Amach an Chomórtais

Tá sé de cheart ag CNCM iarratasóirí a **ghearrliostú**.
Ar bhonn **agallamh iomaíoch** a dhéanfar an roghnú. Beidh an t-agallamh bunaithe ar na hinniúlachtaí a bheidh riachtanach chun dualgais agus freagrachtaí an phoist a chomhlíonadh, faoi mar atá leagtha amach sa chur síos ar na ceapacháin agus i bhfreagrachtaí na bpost. Cuirfidh iarrthóirí a ghlaoitear chun agallaimh sonraí teagmhála triúr moltóirí reatha ar fáil. Déanfar teagmháil le hiarrthóirí sula rachfar i gcomhairle le moltóirí.

D'fhéadfaí **tasc** a thabhairt d'iarratasóirí ina mbeidh orthu anailís scríofa a dhéanamh ar cheist bheartais a bhaineann go ginearálta le hobair CNCM. Déanfar an tuairisc ghearr scríofa ar ríomhaire pearsanta agus cuirfear é ar fáil don bhord agallaimh chun cabhrú leo cinneadh deiridh a dhéanamh maidir leis an iarratas.

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar iarratasóirí freisin micrea-chur i láthair a ullmhú agus a dhéanamh ar a bhfís maidir leis an réimse/ábhar curaclaim a bhfuil siad ag cur isteach air.

Eiseofar sonraí breise faoi na tascanna, lena n-áirítear an dáta sceidealaithe chun é a chur i gcrích, chuig iarrthóirí ar an ngearrliosta, nuair is cuí.

## 9. An fhoirm iarratais a chomhlánú

Caithfidh iarratasóirí foirm iarratais oifigiúil a chomhlánú don phost Oifigeach Oideachais a bhfuil siad ag cur isteach air, atá ar fáil ar https://ncca.ie/en/about-ncca/corporate-information/careers/.

Ba cheart an fhoirm iarratais oifigiúil chomhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost ansin chuig eocompetition@ncca.ie. Tá an fhoirm iarratais i bhfoirm Word. Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt. Ná cuirtear aon teastais ná teistiméireachtaí leis an bhfoirm iarratais. Is faoi iarrthóirí atá sé a n-incháilitheacht a dhearbhú ar an bhfoirm iarratais.

Agus an fhoirm á seoladh isteach, cuir ceann de na hainmneacha seo thíos ar an gcomhad, ag brath ar an bpost ar a bhfuil tú ag cur isteach air:

- Oifigeach Oideachais_STAIR_D'AINM

Tá sé riachtanach go mbeidh ainm an phost a bhfuil tú ag cur isteach air luaite i líne ábhair an ríomhphoist.

## 10. Spriocdháta

Ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú agus a sheoladh ar ríomhphost chuig eocompetition@ncca.ie tráth nach déanaí ná **12 meán lae, an 6 Márta 2026.**

Admhófar gach foirm iarratais. Is ceart athrú ar sheoladh agus/nó ar sheoladh ríomhphoist a chur in iúl dúinn láithreach.

## 11. Incháilitheacht

Le bheith incháilithe, beidh ort **ceanglais áirithe** a chomhlíonadh faoi dháta tairisceana an phoist: Ní mór duit a bheith:

- **(d)** I do saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; **nó**
- **(d)** I do shaoránach den Ríocht Aontaithe (RA); **nó**
- **(d)** i do shaoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; **nó**
- *(d)* I do shaoránach nach saoránach de chuid an LEE é a bhfuil cead Stampa 4* nó cead Stampa 5 aige/aici.

  ** Tabhair faoi deara le do thoil go nglactar le víosa 50 TEU, atá ina ionad do Stampa 4EUFAM tar éis Brexit, mar choibhéis Stampa 4.*

*Na critéir maidir le Scéimeanna Iomarcaíochta/Scoir de dheasca Drochshláinte sa tSeirbhís Phoiblí agus Shibhialta a chomhlíonadh (CLICEÁIL ANSEO le haghaidh tuilleadh faisnéise).*

*Tá sé tábhachtach go liostálfá aon fhostaíocht roimhe seo sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, má bhain tú leas as scéim iomarcaíochta deonaí nó scoir agus/nó má tá pinsean scoir de dheasca drochshláinte á fháil agat. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh gníomh smachtaithe a bheith mar thoradh air sin.*

## 12. Rúndacht agus Cosaint Sonraí

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 caithfear le hiarratais go hiomlán faoi rún.

**Cosaint Sonraí**

Cuireann CNCM, mar chomhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna, comhairle ar an Aire ar churaclam agus ar mheasúnú don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna (Oideachas, 1998, Alt 41). Tugann an Chomhairle faoi iarrthóirí oiriúnacha a earcú, a mheasúnú agus a roghnú lena gceapadh de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Úsáideann CNCM comhaltaí boird seachtracha chun gearrliosta a réiteach agus iarratasóirí a chur faoi agallamh. Faigheann na comhaltaí sin sonraí na n-iarratasóirí chun cabhrú leis na próisis mheasúnaithe agus roghnaithe. Tá sé de dhualgas ar na comhaltaí faisnéis dá leithéid a choinneáil faoi rún agus slán, agus í a scriosadh i ndiaidh na próisis a chur i gcrích.

Má ghlacann iarratasóirí le poist le CNCM, cuirtear a sonraí lena gcomhad Acmhainní Daonna. Coinnítear sonraí na n-iarratasóirí ar phainéil go dtí go dtéann an painéal in éag. Scriostar na sonraí

ina dhiaidh sin. Scriostar sonraí iarrthóirí nach n-éiríonn leo laistigh de thréimhse chuí tar éis críoch a chur leis an bpróiseas earcaíochta. Stóráiltear na sonraí ar fad a bhailítear don earcaíocht go rúnda agus go slán.

## 13. Freastal ar agallamh

Seolfar cuirí chun agallaimh le haghaidh na bPost Oifigigh Oideachais laistigh de choicís tar éis an spriocdháta. Is dócha go reáchtálfar na hagallaimh i mí an Mhárta 2026. Reáchtálfar agallaimh i mBaile Átha Cliath ar dhátaí sonracha go luath ina dhiaidh sin.

Is faoi na hiarratasóirí uile a bheidh sé a bheith ar fáil chun agallaimh agus pé socruithe is gá a dhéanamh chun a chinntiú go bhfaighidh siad teachtaireachtaí a sheolfar chucu ag an seoladh ríomhphoist a shonraítear ar an bhfoirm iarratais. Ní bheidh CNCM freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarratasóirí.

## 14. Cásanna ina measfar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar

I gcás iarratasóirí –

(a) nach soláthraíonn, nuair a iarrtar í, fianaise a éilíonn CNCM maidir le haon ghnó a bhaineann lena n-iarrthóireacht;

(b) nach bhfreastalaíonn ar an tástáil/na tástálacha riachtanach(a) ag an am/na hamanna agus san áit/sna háiteanna a cheapfar,

(c) nó, nach nglacann le ceapachán agus nach dtéann i mbun dualgais mar a socraíodh, nuair a ofráiltear ceapachán dóibh;

measfar go bhfuil a n-iarrthóireacht tarraingthe siar acu, mura gcinneann CNCM a mhalairt faoina lánrogha féin.

## 15. Ceisteanna

Má bhíonn aon cheist agat i ndáil leis an bpróiseas nó an ról, téigh i dteagmháil le recruitment@ncca.ie

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment